

# Iris Oifigiúil

## na gComhphobal Eorpach

ISSN 0257-9537

Eagrán Speisialta\*

19 Nollag 2000

An t-eagrán Gaeilge

## Achtú

---

Clár

**Chúirt**

- \* Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 28 Samhain 2000 . . . 1
- \* Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach . . . . . 4

# CHÚIRT

## LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE BREITHIÚNAIS

an 28 Samhain 2000

TÁ AN CHÚIRT,

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 245 de,

*Airteagal 1*

Ag féachaint don Phrótocal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, agus go háirithe Airteagal 55 de,

Leasaítear mar a leanas Rialacha Nós Imeachta Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal a glacadh ar 19 Meitheamh 1991<sup>(1)</sup>, mar atá arna leasú ar an 21 Feabhra 1995<sup>(2)</sup>, 11 Márta 1997<sup>(3)</sup> agus 16 Bealtaine 2000<sup>(4)</sup>:

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 160 de,

1) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 37:

'6. Gan dochar d'fhorálacha mhíreanna 1 go 5, meastar gurb é an dáta ar a bhfaigheann an Chlárlann cóip den doiciméad bunaidh arna shíniú de phléadáil, lena n-áirítear an sceideal de na doiciméid dá dtagraítear i mír 4, trí theileafacs nó trí aon mheán teicniúil eile cumarsáide atá ar fáil ag an gCúirt dáta an taiscthe ar mhaithe leis na tréimhsí a chomhlíonadh chun céimeanna in imeachtaí a thabhairt, ar chuntar go ndéantar doiciméad bunaidh arna shíniú den phléadáil, maille leis na hianscríbhinní agus cóipeanna dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1, a thaisceadh sa Chlárlann tráth nach déanaí ná deich lá ina dhiaidh sin.'

De bhrí:

2) Cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach mar dhara fómhír in Airteagal 38(2):

'Chomh maith le seoladh le haghaidh seirbheála a shonrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó ina ionad, féadtar a lua san iarratas go gcomhaontaíonn an dlíodóir nó an gníomhaire go bhfuil na doiciméid le seirbheáil air trí theileafacs nó trí aon mheán teicniúil eile cumarsáide.'

agus déantar an tríú fómhír den dara fómhír láithreach.

Sa tríú fómhír, cuirtear in ionad na bhfocal 'na ceanglais sin' na focail 'na ceanglais dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fómhíreanna', agus cuirtear (1) isteach go díreach i ndiaidh 'Airteagal 79'.

(1) I gcásanna áirithe a bhfuil práinn ar leith ag gabháil leo, ba chóir go mbeadh ar chumas na Cúirte a rialú a thabhairt chomh luath agus is féidir agus ba chóir forálacha a dhéanamh le haghaidh nós imeachta brostaithe sna cásanna sin.

(2) Chun fad ama na n-imeachtaí i gcaingne díreacha a laghdú, ba chóir an tréimhse um idirgairt a ghiorrú.

(3) D'fhonn cumarsáidí idir an Chúirt agus na pairtí agus daoine leasmhara eile a oiriúnú don nuatheicneolaíocht chumarsáide, ba chóir rialacha a leagan síos maidir le teileafacsanna ach go háirithe a úsáid chun doiciméid a sheoladh agus ba chóir leasuithe iarmhartacha a dhéanamh do na forálacha maidir le tréimhsí forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair.

(4) Is gá, i bhfianaise na taithí, focail na forála a shoiléiriú a bhaineann le freagra agus athfhreagra a thaisceadh in imeachtaí achomhairc,

<sup>(1)</sup> IO L 176, 4.7.1991, lch. 1, le ceartúchán (IO L 383, 29.12.1992, lch. 117).

<sup>(2)</sup> IO L 44, 28.2.1995, lch. 61.

<sup>(3)</sup> IO L 103, 19.4.1997, lch. 1, mar aon le ceartúchán (IO L 351, 23.12.1997, lch. 72).

<sup>(4)</sup> IO L 122, 24.5.2000, lch. 43.

Le formheas d'aon toil ón gComhairle arna thabhairt ar ...

## 3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44:

*'Airteagal 44*

1. Socróidh an tUachtarán dáta a dhlífidh an Breitheamh is Rapóirtéir a réamhthuarascáil a chur faoi bhráid na Cúirte,

- (a) ar an athfhreagra a bheith taiscthe, nó
- (b) nuair nach bhfuil aon fhreagra ná athfhreagra taiscthe laistigh den tréimhse arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 41(2), nó
- (c) má tharscaoileann an páirtí i dtrácht a cheart chun freagra nó athfhreagra a thaisceadh, nó
- (d) nuair is é is infheidhme an nós imeachta brostaithe dá dtagraítear in Airteagal 62a nuair a shocraíonn an tUachtarán dáta don éisteacht.

2. Tá sa réamhthuarascáil moltaí faoinar chóir fiosrúchán ullmhúcháin nó beart ullmhúcháin eile a ghabháil ar lámh agus ar chóir an cás a tharchur chuig Dlísheomra. Tá sa tuarascáil freisin an moladh, más ann, ón mBreitheamh is Rapóirtéir maidir leis an gcuid ó bhéal den nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 44a a fhágáil ar lár.

Tabharfaidh an Chúirt Chéadchéime breith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cad a dhéanfar faoi na moltaí ón mBreitheamh is Rapóirtéir.

3. Nuair a ordaíonn an Chúirt fiosrúchán ullmhúcháin agus nach ngabhann sí é ar lámh í féin, sannfaidh sí an fiosrúchán don Dlísheomra.

Nuair a chinneann an Chúirt an nós imeachta ó bhéal a oscailt gan fiosrúchán, socróidh an tUachtarán dáta na hoscailte.'

## 4) Cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 62:

*'CAIBIDIL 3a***NÓSANNA IMEACHTA BROSTAITHE***Airteagal 62a*

1. Ar iarrtas a fháil ón iarratasóir nó ón gcosantóir, féadfaidh an tUachtarán a chinneadh go heisceachtúil, ar bhonn moladh ón mBreitheamh is Rapóirtéir agus tar éis an páirtí eile agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go bhfuil cás le cinneadh de bhun nós imeachta brostaithe de mhaolú ar fhorálacha na Rialacha seo más gá don Chúirt i bhfianaise phráinn faoi leith an cháis a rialú a thabhairt chomh luath agus is féidir.

Déantar iarratas chun go dtabharfaí breith i gcás faoi nós imeachta brostaithe i ndoiciméad ar leithligh arna thaisceadh san am céanna le hiarratas tionscanta na n-imeachtaí nó leis an meabhrán cosanta, de réir mar a bheidh.

2. Faoin nós imeachta brostaithe, ní fhéadfar an t-iarratas tionscanta agus an meabhrán cosanta a chomhlánú le freagra agus athfhreagra ach más dóigh leis an Uachtarán gur gá.

Ní fhéadfaidh idiragraí ráiteas a thaisceadh in idirgairt ach más dóigh leis an Uachtarán gur gá.

3. A luaithe an meabhrán cosanta taiscthe nó, mura ndéantar an cinneadh breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe go dtí go bhfuil an phléadáil sin taiscthe, a luaithe an cinneadh sin glactha, socróidh an tUachtarán dáta don éisteacht a thaobhfófar láithreach leis na páirtithe. Féadfaidh sé dáta na héisteachta a chur ar athló nuair is gá sin i bhfianaise bearta um fhiosrúchán nó bearta ullmhúcháin eile a eagrú.

Gan dochar d'Airteagal 42, féadfaidh na páirtithe a gcuid argóintí a chomhlánú agus fianaise sa bhreis a chur ar fáil le linn an nós imeachta ó bhéal. Ní mór dóibh, áfach, cúiseanna a thabhairt maidir leis an moill san fhianaise sa bhreis sin a chur ar fáil.

4. Tabharfaidh an Chúirt a rialú tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht.'

## 5) Déantar Airteagal 79(1) de théacs Airteagal 79 agus cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'2. Nuair a thugann an seolaí a thoiliú, i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 38(2), go ndéantar doiciméid a sheibheáil air trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide, féadfar aon doiciméad nós imeachta seachas breithiúnas nó ordú ón gCúirt a sheibheáil trí chóip den doiciméad a sheoladh tríd an meán sin.

Mura féidir, ar chúiseanna teicniúla nó toisc chineál nó fhad an doiciméid, doiciméad a sheoladh mar sin, déanfar an doiciméad a sheibheáil, má mhainnigh an seolaí seoladh le haghaidh seirbheála a lua, ag a sheoladh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo. Cuirfear an seolaí ar an eolas faoi sin trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide. Measfar go bhfuil an tseirbheáil déanta ar an seolaí trí phost cláraithe ar an deichiú lá i ndiaidh an litir chláráithe a thaisceadh ag an bpostóifig san áit ina bhfuil a suíomh ag an gCúirt, mura dtaispeánfar trí fhoirm admhála go bhfuarthas an litir ar dháta eile nó go gcuireann an seolaí in iúl don Chláraitheoir, laistigh de thrí seachtaine tar éis gur cuireadh ar an eolas é trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide, nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil air faighte aige.'

6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 81(2):

'2. Déanfar na tréimhsí forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair tréimhse aonair amháin deich lá.'

7) Leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír de mhír 1, cuirtear na focail 'sé seachtaine' in ionad na bhfocal 'trí mhí'.

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'7. Is féidir aird a thabhairt ar iarratas ar idiragairt a dhéantar ar an tréimhse atá forordaithe i mír 1 a dhul in éag ach roimh an gcinneadh an nós imeachta ó bhéal a oscailt dá bhforáiltear in Airteagal 44(3). Sa chás sin, má cheadaíonn an tUachtarán an idiragairt, féadfaidh an t-idiragraí, ar bhonn na Tuarascála don Éisteacht atá taobhaithe leis, a chuid barúlacha a thíolacadh le linn an nós imeachta ó bhéal, más ann don nós imeachta sin.'

8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 115(2):

'Beidh Airteagal 37 agus Airteagal 38(2) agus (3) de na Rialacha seo infheidhme'.

9) Leasaítear Airteagal 117 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfar an t-achomharc agus an freagra a chomhlánú le freagra agus athfhreagra más dóigh leis an Uachtarán, ar an iarratasóir iarratas a

dhéanamh laistigh de sheacht lá ón bhfreagra a sheirbheáil, gur gá an phléadáil sa bhreis sin agus go gceadaíonn sé go sainráite freagra a thíolacadh chun gur féidir leis an iarratasóir a thuairim a nochtadh nó chun foras a chur ar fáil don bhreith ar an achomharc. Forordóidh an tUachtarán an dáta a bhfuil an freagra le tíolacadh roimhe agus ar an bpléadáil sin a sheirbheáil, an dáta a bhfuil an t-athfhreagra le tíolacadh roimhe.'

(b) aisghairtear mír 3.

10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 121:

*'Airteagal 121*

Cuirfeadh an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 44(2) faoi bhráid na Cúirte tar éis na pléadálacha dá bhforáiltear in Airteagal 115(1) agus, más iomchuí, Airteagal 117(1) agus (2) a thaisceadh. Nuair nach ndéantar pléadálacha den sórt sin a thaisceadh, beidh an nós imeachta céanna infheidhme tar éis an tréimhse chun pléadálacha a thaisceadh a dhul in éag.'

*Airteagal 2*

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 29(1) de na Rialacha seo, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí ó dháta a bhfoilsithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Samhain 2000.

## LEASUITHE AR RIALACHA NÓS IMEACHTA CHÚIRT CHÉADCHÉIME NA GCOMHPHOBAL EORPACH

TÁ CÚIRT CHÉADCHÉIME NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 225(4) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, agus go háirithe Airteagal 32d(4) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 140a(4) de,

Ag féachaint don chomhaontú ón gCúirt Bhreithiúnais,

Ag féachaint don fhorpheas d'aon toil ón gComhairle arna thabhairt ar 16.11.2000

De bhrí:

- (1) Tar éis teacht i bhfeidhm Chonradh Amstardam ag leasú an Conradh ar an Aontas Eorpach, na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus gníomhartha gaolmhara áirithe, nach mór na tagairtí don Chonradh CE a bheith ar aon dul le hathuimhriú na nAirteagal sa Chonradh sin mar atá arna dhéanamh ag Airteagal 12 de Chonradh Amstardam.
- (2) Nach mór Airteagal 5 de na Rialacha Níos Imeachta a oiriúnú tar éis líon na mball sa Chúirt Chéadchéime a dhul i méid de thoradh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionnlainne and Ríocht na Sualainne don Aontas Eorpach.
- (3) D'fhonn imeachtaí sa Chúirt Chéadchéime a bhrostú, is gá foráil a dhéanamh chun gur féidir leis an gCúirt rialú a thabhairt i gcásanna áirithe faoi nós imeachta brostaithe agus chun a chinneadh nach mbeidh freagra ná athfhreagra ann. Ba chóir freisin an tréimhse agus na rialacha mionsonraithe um idiragairt ag tríú páirtithe a choigeartú.
- (4) Is gá seoladh doiciméid le teileafacs a rialáil. Forálacha maidir le tréimhsí a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair, ba chóir dóibh an riocht ina bhfuil teicneolaíocht na cumarsáide faoi láthair a chur san áireamh.
- (5) D'fhonn fadhbanna áirithe a réiteach a fhéadfaidh teacht chun cinn faoin nós imeachta nua maidir le díospóidí i dtaobh teacht a bheith ag an bpobal ar dhoiciméid

riarthacha, is gá foráil a dhéanamh chun gur féidir leis an gCúirt Chéadchéime a eisiáimh nach dtaobhófar leis na páirtithe doiciméid nach mór tabhairt ar aird na ndoiciméad sin a ordú.

- (6) Treoracha praiticiúla do na páirtithe a ghlacadh maidir leis an gcéim scríofa agus an gcéim ó bhéal den nós imeachta, ba chóir go gcuirfeadh sé feabhas ar sheoladh na n-imeachtaí,

TAR ÉIS NA LEASUITHE SEO A LEANAS AR A RIALACHA NÓS IMEACHTA A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leasaítear mar a leanas Rialacha Níos Imeachta Chúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach an 2 Bealtaine 1991<sup>(1)</sup>, mar atá arna leasú ar an 15 Meán Fómhair 1994<sup>(2)</sup>, 17 Feabhra 1995<sup>(3)</sup>, 12 Márta 1997<sup>(4)</sup> agus 17 Bealtaine 1999<sup>(5)</sup>:

- 1) Na tagairtí don Chonradh CE sna hairteagail de na Rialacha Níos Imeachta den Chúirt, leasaítear mar a leanas iad:
  - (a) in Airteagal 7, déantar '225' de '168a';
  - (b) in Airteagal 24(7), déantar '241' de '184';
  - (c) in Airteagal 44(5a), déantar '238' de '181';
  - (d) in Airteagail 69(4) agus 110, déantar '244' agus '256' de '187' agus '192';
  - (e) in Airteagal 98, déantar '230' agus '232' de '173' agus '175';
  - (f) in Airteagal 104(1), déantar '242' de '185' agus '243' de '186'.
- 2) Sa tríú fomhír d'Airteagal 5, cuirtear na focail 'tromlach na mbreithiúna' in ionad 'seacht mBreitheamh'.

<sup>(1)</sup> IO L 136, 30.5.1991, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO L 249, 24.9.1994, lch. 17.

<sup>(3)</sup> IO L 44, 28.2.1995, lch. 64.

<sup>(4)</sup> IO L 103, 19.4.1997, lch. 6, mar aon le ceartúchán (IO L 351, 23.12.1997, lch. 72).

<sup>(5)</sup> IO L 135, 29.5.1999, lch. 92.

## 3) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 43:

'6. Gan dochar d'fhorálacha mhíreanna 1 go 5, meastar gurb é an dáta ar a bhfaigheann an Chlárlann cóip den doiciméad bunaidh arna shíniú de phléadáil, lena n-áirítear an sceideal de na doiciméid dá dtagraítear i mír 4, trí theileafacs nó trí aon mheán teicniúil eile cumarsáide atá ar fáil ag an gCúirt Chéadchéime dáta an taiscthe ar mhaithe leis na tréimhsí a chomhlíonadh chun céimeanna in imeachtaí a thabhairt, ar chuntar go ndéantar doiciméad bunaidh arna shíniú den phléadáil, maille leis na hiarscríbhinní agus cóipeanna dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1, a thaisceadh sa Chlárlann tráth nach déanaí ná deich lá ina dhiaidh sin.'

## 4) Cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach mar dhara fómhír in Airteagal 44(2):

'Chomh maith le seoladh le haghaidh seirbheála a shonrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó ina ionad, féadtar a lua san iarratas go gcomhaontaíonn an dlíodóir nó an gníomhaire go bhfuil na doiciméid le seirbheáil air trí theileafacs nó trí aon mheán teicniúil eile cumarsáide.'

agus déantar an tríú fómhír den dara fómhír láithreach.

Sa tríú fómhír, cuirtear in ionad na bhfocal 'na ceanglais sin' na focail 'na ceanglais dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fómhíreanna', agus cuirtear na focail 'an chéad mhír de' roimh na focail 'Airteagal 100'.

## 5) In Airteagal 47(1) cuirtear na focail seo a leanas i ndiaidh an fhocail 'gcosantóir':

'mura gcinnfidh an Chúirt Chéadchéime, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach gá an dara malartú pléadálacha toisc go bhfuil na doiciméid atá ina láthair cuimsitheach go leor chun gur féidir leis na páirtithe a gcuid pléadálacha agus argóintí a fhorbairt le linn an nós imeachta ó bhéal. Ar a shon sin, féadfaidh an Chúirt Chéadchéime na páirtithe a údarú leis na doiciméid a chomhlánú má thíolacann an t-iarratasóir iarraidh réasúnaithe chuige sin laistigh de dhá sheachtain ón gcinneadh sin a chur in iúl.'

## 6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52:

'Airteagal 52

1. Gan dochar d'Airteagal 52, socróidh an tUachtarán,

- (a) ar an athfhreagra a bheith taiscthe, nó
- (b) nuair nach bhfuil aon fhreagra ná athfhreagra taiscthe laistigh den tréimhse arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 47(2), nó

(c) má tharscaoileann an páirtí i dtrácht a cheart chun freagra nó athfhreagra a thaisceadh, nó

(d) má chinneann an Chúirt Chéadchéime nach gá, i gcomhréir le hAirteagal 47(1), an t-iarratas agus an meabhrán cosanta a chomhlánú le freagra agus athfhreagra, nó

(e) má chinneann an Chúirt Chéadchéime nach iomchuí breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe i gcomhréir le hAirteagal 76a(1), an dáta a dhlífidh an Breitheamh is Rapóirtéir a réamhthuarascáil a chur faoi bhráid na Cúirte Céadchéime.

2. Tá sa réamhthuarascáil moltaí faoina chóir bearta um eagrú an nós imeachta nó bearta um fhiosrúchán a ghabháil ar lámh agus ar chóir an cás a tharchur chuig an gCúirt Chéadchéime ina suí di i seisiún iomlánach nó chuig Dlísheomra comhdhéanta de líon difriúil Breithiúna.

Tabharfaidh an Chúirt Chéadchéime breith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, cad a dhéanfar faoi na moltaí ón mBreitheamh is Rapóirtéir.'

## 7) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 67:

'3. Faoi réir fhorálacha Airteagal 116 (2) agus (3), ní chuirfidh an Chúirt Chéadchéime san áireamh ach na doiciméid sin atá curtha ar fáil do dhlíodóirí agus gníomhairí na bpáirtithe agus a bhfuil deis tugtha dóibh a dtuairimí a nochtadh mar gheall orthu.

Nuair atá sé de cheangal ar an gCúirt Chéadchéime, i dtaca le páirtí amháin nó níos mó, rúndacht doiciméid a fhíorú a fhéadfaidh a bheith ábhartha chun breith a thabhairt i gcás, ní thaobhfófar an doiciméad sin leis na páirtithe agus an fíorú sin ag dul ar aghaidh.

Doiciméad a bhfuil rochtain air diúltaithe ag institiúid Chomhphobail, nuair a thugtar ar aird an doiciméad os comhair na Cúirte Céadchéime in imeachtaí a bhaineann le dlíthiúlacht an diúltaithe sin, ní thaobhfófar an doiciméad leis an páirtithe eile.'

## 8) Cuirtear an chaibidil seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 76:

'CAIBIDIL 3a

**NÓSANNA IMEACHTA BROSTAITHE**

*Airteagal 76a*

1. Féadfaidh an Chúirt Chéadchéime a chinneadh ag féachaint don phráinn faoi leith agus d'imthosca an cháis, ar iarratas a fháil ón iarratasóir nó ón gcosantóir, tar éis na páirtithe eile agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe.

Déantar iarratas chun go dtabharfaí breith i gcás faoi nós imeachta brostaithe i ndoiciméad ar leithligh arna thaisceadh san am céanna le hiarratas tionscanta na n-imeachtaí nó leis an meabhrán cosanta.

De mhaolú ar Airteagal 55, beidh tosaíocht ag cásanna ina gcinneann an Chúirt Chéadchéime breith a thabhairt faoi nós imeachta brostaithe.

2. Faoin nós imeachta brostaithe, ní fhéadfar na pléadálacha dá dtagraítear in Airteagail 47(1) agus 116(4) agus (5) a thaisceadh ach amháin má cheadaíonn an Chúirt Chéadchéime é mar chuid de na bearta um eagrú an nós imeachta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 64.

3. Gan dochar d'Airteagal 48, féadfaidh na páirtithe a gcuid argóintí a chomhlánú agus fianaise sa bhreis a chur ar fáil le linn an nós imeachta ó bhéal. Ní mór dóibh, áfach, cúiseanna a thabhairt maidir leis an moill san fhianaise sa bhreis sin a chur ar fáil.

- 9) Déantar mír 1 de théacs Airteagal 100 agus cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'2. Nuair a thugann an seolaí a thoiliú, i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 44(2), go ndéantar doiciméid a sheibheáil air trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide, féadfar aon doiciméad nós imeachta seachas breithiúnas nó ordú ón gCúirt Chéadchéime a sheirbheáil trí chóip den doiciméad a sheoladh tríd an meán sin.

Mura féidir nó murab indéanta, ar chúiseanna teicniúla nó toisc chineál nó fhad an doiciméid, doiciméad a sheoladh mar sin, déanfar an doiciméad a sheirbheáil, má mhainnigh an seolaí seoladh le haghaidh seirbheála a lua, ag a sheoladh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 1. Cuirfear an seolaí ar an eolas faoi sin trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide. Measfar go bhfuil an tseirbheáil déanta ar an seolaí trí phost cláraithe ar an deichiú lá i ndiaidh an litir chláráithe a thaisceadh ag an bpostóifig san áit ina bhfuil a suíomh ag an gCúirt Chéadchéime, mura dtaispeánfar trí fhoirm admhála go bhfuarthas an litir ar dháta eile nó go gcuireann an seolaí in iúl don Chláraitheoir, laistigh de thrí seachtaine tar éis gur cuireadh ar an eolas é trí theileafacs nó trí mheán teicniúil eile cumarsáide, nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil air faighte aige.'

- 10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 102(2):

'2. Déanfar na tréimhsí forordaithe a fhadú mar gheall ar fhad slí ó láthair tréimhse aonair amháin deich lá.'

- 11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 115(1):

'1. Ní foláir iarratas ar idiragairt a dhéanamh laistigh de shé seachtaine ón bhfógra dá dtagraítear in Airteagal 24(6) a fhoilsiú nó, faoi réir Airteagal 116(6), roimh an gcinneadh an nós imeachta ó bhéal a oscailt dá bhforáiltear in Airteagal 53.'

- 12) Leasaítear Airteagal 116 mar a leanas:

(a) I mír (2) cuirtear in ionad na bhfocal 'Má cheadaíonn an tUachtarán an idiragairt ...' na focail 'Má cheadaítear idiragairt a bhfuil iarratas déanta ina leith laistigh den tréimhse sé seachtaine atá forordaithe in Airteagal 115(1) ...'.

(b) Sa chéad fhomhír de mhír (4) cuirtear na focail 'sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 thuas' roimh na focail 'an tUachtarán'.

- (c) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'6. Nuair a dhéantar an t-iarratas ar idiragairt i ndiaidh an tréimhse sé seachtaine atá forordaithe in Airteagal 115(1) a dhul in éag, féadfaidh an t-idiragraí, ar bhonn na Tuarascála don Éisteacht atá taobhaithe leis, a chuid barúlacha a thíolacadh le linn an nós imeachta ó bhéal.'

- 13) Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 136:

*'Airteagal 136a*

Féadfaidh an Chúirt Chéadchéime treoracha praiticiúla a eisiúint i ndáil le héisteachtaí a ullmhú agus a sheoladh os a comhair agus i ndáil le pléadálacha i scríbhinn nó barúlacha a thaisceadh.'

*Airteagal 2*

Déanfar na leasuithe seo ar na Rialacha Nós Imeachta, atá barántúil sna teangacha atá luaite in Airteagal 35(1), a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí ó dháta a bhfoilsithe.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 6 Nollag 2000.

*An Cláraitheoir*  
H. JUNG

*An tUachtarán*  
B. VESTERDORF